AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 26.11.2024
COM(2024) 721 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta Mhálta

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta Mhálta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263, agus go háirithe Airteagal 17 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Tháinig creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe de chuid an Aontais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Rialachán 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach[1], mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme[2], agus le Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[3], is príomhghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad. Is é is aidhm don chreat inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí. Leis an gcreat, cuirtear úinéireacht náisiúnta chun cinn agus dírítear ar an meántéarma, i gcomhcheangal le forfheidhmiú éifeachtach comhleanúnach na rialacha.

(2) Na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, tá siad i gcroílár an chreata nua rialachais eacnamaíoch. Seachadfar dhá chuspóir leis na pleananna: i) faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a áirithiú go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus ii) a áirithiú go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Chuige sin, ní mór gealltanas meántéarmach i leith conair

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[2] Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj).

[3] Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

ghlanchaiteachais a chur isteach i ngach plean[4], lena mbunaítear go héifeachtach sriantacht buiséid ar feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar an ngnáth-théarma reachtach i mBallstát). Ina theannta sin, ba cheart míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, más infheidhme), agus ar an gcaoi a dtabharfaidh an Ballstát aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, cumhdaítear tréimhse 4 bliana, tréimhse a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263.

(7) Tar éis don Choimisiún an plean a chur isteach, déanfaidh sé measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

(8) Ar mholadh ón gCoimisiún, tá an Chomhairle chun moladh a ghlacadh ina dhiaidh sin ina leagtar amach conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, formhuiniú a dhéanamh ar an tsraith gealltanas um athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh.

NA BREITHNITHE MAIDIR LE PLEAN STRUCHTÚRACH FIOSCACH MEÁNTÉARMACH NÁISIÚNTA MHÁLTA

(10) An 20 Meán Fómhair 2024, rinne Málta a phlean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a thíolacadh don Chomhairle agus don Choimisiún.

An próiseas sula gcuirtear an plean isteach

(11) An 21 Meitheamh 2024, sheol an Coimisiún, de réir Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1263, an chonair thagartha[5] chuig Málta. D'fhoilsigh an Coimisiún an chonair thagartha an 20 Meán Fómhair 2024[6]. Is conair thagartha í atá rioscabhunaithe agus áirithítear léi, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe fhioscaigh agus in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin, go mbeidh an fiachas

---

4 Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263, is é sin caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

5 Cuimsítear le réamhthreoraíocht a tarchuireadh chuig na Ballstáit agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais conairí nach gcuirtear síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin agus conairí lena gcuirtear síneadh léi (lena gcumhdaítear 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach). Áirítear ann freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na toimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Ríomhadh an chonair thagartha ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear *i dTuarascáil Faireacháin an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2023* (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-stainability-monitor-2023_ga). Tá sé bunaithe ar Réamhaisnéis Earrach 2024 ón gCoimisiún Eorpach agus ar a shíneadh meántéarmach suas le 2033, agus tá costais fhadtéarmacha fáis agus aosaithe OTI i gcomhréir le *Tuarascáil chomhpháirteach 2024 ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le hAosú* (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_en).

6 https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/national-medium-term-fiscal-structural-plans_en#malta

rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama sa mheántéarma, agus go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin agus go gcoinneofar é faoi bhun an luacha tagartha sin sa mheántéarma. Sainmhínítear an meántéarma mar an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 6, pointe (d), agus le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2024/1263, tá an chonair thagartha comhsheasmhach freisin leis an tagarmharc easnaimh, leis an mbeart coimirce maidir le hinbhuanaitheacht fiachais agus leis an mbeart coimirce maidir le hathléimneacht easnaimh. I gconair thagartha Mhálta leagtar amach nár cheart fás níos mó ná na luachanna arna soláthar i dTábla 1 a theacht ar ghlanchaiteachas, agus sin bunaithe ar thoimhdí an Choimisiúin agus ar thréimhse choigeartúcháin 4 bliana a chur san áireamh. Comhfhreagraíonn sin do mheánfhás glanchaiteachais 5,9 % le linn na tréimhse coigeartúcháin (2025-2028).

Tábla 1: Conair thagartha arna soláthar ag an gCoimisiún do Mhálta an 21 Meitheamh 2024

	2025	2026	2027	2028	Meán 2025-2028
Uasfhás glanchaiteachais (bliantúil, %)	6,0	5,8	5,9	5,7	5,9

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh Málta agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair 2024. Bhí an t-idirphlé dírithe ar an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe ag Málta agus ar na toimhdí bunúsacha a bhaineann léi (go háirithe tionchar ionchasach an athbhreithnithe tagarmhairc ar OTI), chomh maith leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe a thabhairt i gcrích lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus thosaíochtaí coiteanna an Aontais maidir leis an aistriú cóir glas agus digiteach, an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh agus méadú na gcumas cosanta.

(13) I mí Mheán Fómhair 2024, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) agus 36(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2024/1263, de réir na faisnéise a chuir Málta ar fáil ina phlean, chuaigh Málta i mbun próiseas comhairliúcháin le comhpháirtithe sóisialta. De réir na faisnéise a chuir Málta ar fáil ina phlean, chuathas i gcomhairle le Comhairle Mhálta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (MCESD) maidir leis na bearta agus na tionscnaimh atá sa phlean, ardán a thionólann na príomh-chomhpháirtithe sóisialta i Málta.

Próisis ghaolmhara eile

(14) An 26 Iúil 2024, shuigh an Chomhairle gur ann d'easnamh iomarcach i Málta mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh.[7] Tá an Moladh seo i gcomhthráth leis an Moladh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE d'fhonn

[7] IO L, 1.8.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/2128/oj

deireadh a chur le heasnamh rialtais iomarcach i Málta[8]. Le glacadh comhuaineach na moltaí sin, moltaí atá saincheaptha don aistriú chuig an gcreat nua rialachais eacnamaíoch agus a bhfuil údar leis ina leith sin, áirithítear comhsheasmhacht idir na conairí coigeartúcháin atá molta.

(15) Thíolaic Málta a Dhréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025 an 15 Deireadh Fómhair 2024. Ghlac an Coimisiún tuairim maidir leis an Dréachtphlean Buiséadach sin an [26 Samhain 2024][9].

(16) An 21 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Chomhairle sraith moltaí tírshonracha faoi bhráid Mhálta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh[10].

ACHOIMRE AR AN BPLEAN AGUS MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN AIR SIN

(17) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean mar a leanas:

Comhthéacs: an staid agus an t-ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

(18) Tháinig méadú 7.5 % ar ghníomhaíocht eacnamaíoch i Málta in 2023, arna spreagadh ag tomhaltas príobháideach agus onnmhairí. De réir Réamhaisnéis Fhómhar 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh fás 5.0 % ar an ngeilleagar in 2024, mar gheall ar éileamh láidir intíre agus feidhmíocht onnmhairiúcháin. In 2025, tiocfaidh méadú 4.3 % ar fhíor-OTI, de réir mar a leanann tomhaltas agus infheistíocht de bheith ag tacú leis an bhfás. In 2026, meastar go dtiocfaidh méadú 4.3 % ar fhíor-OTI, de réir mar a choinníonn an geilleagar móiminteam fáis ar bun. Le linn na tréimhse réamhaisnéise (i.e. 2024-2026), meastar go bhfásfaidh OTI féideartha i Málta ar ráta láidir (ar an meán), arna spreagadh ag rannchuidiú láidir an tsaothair agus, ar bhonn níos lú, carnadh caipitil. Ba é 3,5 % an ráta dífhostaíochta in 2023, agus réamh-mheasann an Coimisiún gurb é 3,2 % a bheidh ann in 2024 agus 3,1 % in 2025 agus 3 % in 2026. Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an mboilsciú (díbhoilsceoir OTI) ó 5.3 % in 2023 go 2.6 % in 2024, agus go sroichfidh sé 2.5 % in 2025 agus 2.1 % in 2026.

(19) Maidir le forbairtí fioscacha, in 2023 is é a bhí in easnamh rialtais ghinearálta Mhálta 4,5 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, sroichfidh sé 4 % de OTI in 2024 agus laghdóidh sé a thuilleadh go 3,5 % de OTI in 2025 agus, ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, laghdóidh sé go dtí 3,1 % in 2026. Le Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, cuimsítear dréachtbhuiséad Mhálta le haghaidh 2025 a mhol an rialtas don pharlaimint náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair. Ba é 47,4 % de OTI an fiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2023. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go méadóidh an cóimheas fiachais go 49,8 % de OTI ag deireadh 2024. Réamh-mheastar go méadóidh sé a thuilleadh go 50,4 % de OTI ag deireadh 2025 agus 50,2 % ag deireadh 2026. Sa réamhaisnéis fhioscach ón gCoimisiún, ní bhreithnítear na gealltanais bheartais sna pleananna meántéarmacha go dtí go mbíonn gníomhaíochtaí beartais coincréiteacha, a fhógraítear go hinchreidte agus a shonraítear go leormhaith, mar bhonn taca fúthu.

---

8 Moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach i Málta, 26.11.2024, COM(2024)955 final.

9 Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach Mhálta, 26.11.2024, C(2024)9061 final.

10 Moladh ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha Mhálta, nár foilsíodh fós.

Conair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean

(20) Le plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta Mhálta, cumhdaítear an tréimhse 2025-2028 agus cuirtear coigeartú fioscach i láthair thar thréimhse 4 bliana.

(21) Tá an fhaisnéis uile a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean.

(22) Tá gealltanas sa phlean don chonair ghlanchaiteachais a léirítear i dTábla 2, a chomhfhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais 5.9 % thar na blianta 2025-2028. An meánfhás glanchaiteachais arna thuairisciú sa phlean i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin 2025-2028, tá sé i gcomhréir, ar an mórgóir, leis[11] an gconair thagartha arna tarchur ag an gCoimisiún an 21 Meitheamh 2024. Glactar leis sa phlean go dtiocfaidh laghdú ar fhás OTI féideartha ó 5.1 % in 2024 go 4.8 % in 2025 agus tuilleadh go 4.6 % in 2026 agus go bhfanfaidh sé cobhsaí ansin ar an leibhéal sin go dtí 2028. Ina theannta sin, meastar sa phlean go dtiocfaidh laghdú ar ráta fáis an díbhoilsceora OTI ó 3.1 % in 2024 agus go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 2.6 % gach bliain go dtí 2028.

Tábla 2: An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean Mhálta

	2024	2025	2026	2027	2028	Meánfhás i gcaitheamh thréimhse bhailíochta an phlean 2025-2028
Fás glanchaiteachais (ar bhonn bliantúil, %)	7,4	6,0	5,8	5,8	6,1	5,9
Fás glanchaiteachais (ar bhonn carnach, ón mbonnbhliain 2023, %)	7,4	13,8	20,4	27,4	35,2	n.a.
Fás OTI féideartha (%)	5,1	4,8	4,6	4,6	4,6	4,7
Boilsciú (fás díbhoilsceora OTI) (%)	3,1	2,6	2,6	2,6	2,6	2,6

Foinse: Plean fioscach struchtúrach meántéarmach Mhálta agus ríomhanna an Choimisiúin.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le fiachas ginearálta an rialtais

(23) Dá dtiocfadh an chonair ghlanchaiteachais a bhfuil gealltanas tugtha ina leith sa phlean agus na toimhdí bunúsacha chun cinn, thiocfadh laghdú beag ar fhiachas ginearálta an rialtais, de réir an phlean, ó 49.2 % in 2024 go 48.8 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028), de réir an tábla seo a leanas. Tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, sa mheántéarma (i.e. go dtí 2038), laghdófar tuilleadh an cóimheas fiachais sa mheántéarma de réir an phlean, ag sroicheadh 42.3 % de OTI in 2038. Dá bhrí sin, de réir an phlean, d'fhanfadh an fiachas rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 60 % de OTI, sa mheántéarma. Tá sé sin inchreidte bunaithe ar thoimhdí an phlean, ós rud é go réamh-mheasfaí go bhfanfadh an fiachas faoi bhun 60 % de OTI faoi 2038 de réir

[11] Níl an difríocht le feiceáil mar gheall ar shlánú.

gach tástála struis cinnteachaíche in Anailís an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean, tá sí comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an bhfiachas mar a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (a) agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 3 Forbairtí maidir le fiachas agus iarmhéid an rialtais ghinearálta i bplean Mhálta

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2038
Fiachas rialtais (% de OTI)	47,3	49,2	49,8	49,9	49,5	48,8	42,3
Comhardú rialtais (% de OTI)	5	-4,0	-3,8	-3,4	-3,0	-2,6	-2,1

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach Mhálta

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le comhardú an rialtais ghinearálta

(24) Bunaithe ar chonair ghlanchaiteachais agus ar thoimhdí an phlean, laghdódh easnamh ginearálta an rialtais de réir a chéile ó 4 % de OTI in 2024 go 3.0 % de OTI in 2027 agus 2.6 % in 2028. Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta an luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028). Ina theannta sin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2038), ní sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean tá sí comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an easnamh mar a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (b), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh

(25) Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh, arna tomhas mar an t-athrú ar an gcomhardú príomha struchtúrach, mar a thuairiscítear sa phlean, is próifíl líneach ar an mórgóir í, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6, pointe (c) de Rialachán (AE) 2024/1263. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean, tá sí comhsheasmhach leis an gclásal i dtaca leis an gcoimirce maidir le siarchoinneáil a chosc a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 4 Forbairtí ar an gcomhardú príomha struchtúrach i bplean Mhálta

	2023	2024	2025	2026	2027	2028
Comhardú príomha struchtúrach (% de OTI)	-3,5	-2,7	-2,2	-1,7	-1,2	-0,8
Athrú ar an gcomhardú príomha struchtúrach (pc.)	n.a.	0,8	0,5	0,5	0,5	0,4

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach Mhálta

Comhsheasmhacht leis an nós imeachta um easnamh iomarcach

(26) Tá an chonair ghlanchaiteachais a leagtar amach sa phlean i gcomhréir leis na ceanglais faoin nós imeachta um easnamh iomarcach (go háirithe leis an gcoigeartú struchtúrach bliantúil íosta a bhunaítear in Airteagal 3(4), an tríú fomhír de Rialachán (CE) 1467/97 ón gComhairle).

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh

(27) An ceanglas den chuid choisctheach a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1263 maidir leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh, arb é is aidhm dó corrlach coiteann a sholáthar i gcoibhneas leis an luach tagartha easnaimh 3 % de OTI, tá feidhm aige maidir le Málta ó 2028 ar aghaidh, ós rud é go bhfuil sé beartaithe an t-easnamh a thabhairt faoi bhun 3 % de OTI ó 2027 ar aghaidh. In 2028, dá bhrí sin, níor cheart an coigeartú bliantúil ar an gcomhardú príomha struchtúrach a bheith níos lú ná 0.4 % de OTI dá bhfanfadh an t-easnamh struchtúrach os cionn 1.5 % de OTI in 2027, chun corrlach coiteann athléimneachta a bhaint amach i dtéarmaí struchtúracha de 1.5 % de OTI. Is é 0,4 %, in 2028, an coigeartú fioscach a eascraíonn as gealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean, tá sí comhsheasmhach leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh.

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais

(28) De réir an phlean, meastar go bhfanfaidh an fiachas rialtais ghinearálta faoi bhun 60 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin. Dá bhrí sin, níl feidhm ag an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais i gcomhréir leis an bplean.

Toimhdí maicreacnamaíocha an phlean

(29) Tá an plean bunaithe ar shraith toimhdí maicreacnamaíocha agus fioscacha atá i gcomhréir leis na toimhdí ón gCoimisiún a tarchuireadh chuig na Ballstáit an 21 Meitheamh 2024. Cuirtear san áireamh ann faisnéis bhreise atá ar fáil i gcomparáid leis an gconair thagartha agus áirítear ann macratháscairí agus táscairí fioscacha a tugadh cothrom le dáta dá réir sin. Ní dhéanann tionchar an nuashonraithe sin difear suntasach don mheánfhás glanchaiteachais sa phlean i gcomparáid leis an gconair thagartha.

Straitéis fhioscach an phlean

(30) De réir na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, déanfar na gealltanais maidir le glanchaiteachas a thabhairt i gcrích trí bhíthin smacht ar chaiteachas go príomha. Áirítear sa tacar táscach de bhearta beartais laghdú de réir a chéile ar an spleáchas ar fhóirdheontais fuinnimh, rud a éascaítear le hathchóirithe struchtúracha agus le hinfheistíochtaí straitéiseacha in earnáil an fhuinnimh chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Déanfar sonraíocht bheacht na mbeart beartais ábhartha a dheimhniú nó a choigeartú agus a chainníochtú sna buiséid bhliantúla. An tráth céanna, tá rioscaí ann maidir le cur chun feidhme na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, rud a eascraíonn as éiginnteacht ard fós maidir le sonraíocht bheacht na mbeart. Ina theannta sin, leis an Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025, sonraítear na gníomhaíochtaí beartais trína mbainfear amach an gealltanas glanchaiteachais le haghaidh 2025[12].

Cuspóirí athchóirithe agus infheistíochta sa phlean lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais

(31) Tugtar tuairisc sa phlean ar chuspóirí beartais a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí eile chun freagairt do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe na moltaí tírshonracha, agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Áirítear sa phlean 143 athchóiriú agus infheistíocht lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais, a bhfaigheann 32 díobh tacaíocht airgeadais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus 23 ó chistí an bheartais chomhtháthaithe.

(32) Maidir leis an tosaíocht choiteann d’aistriú cothrom glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 agus na cuspóirí a leagtar amach i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide Mhálta (NECP) le haghaidh 2021-2030, áirítear sa phlean bearta maidir le cuíchóiriú a dhéanamh ar phróisis cheadaithe do ghléasraí fuinnimh in-athnuaite (a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta (RRP)) agus leanúint de chláir lena spreagtar do theaghlaigh agus do ghnólachtaí teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a ghlacadh. Is é is aidhm do na bearta sin, i measc nithe eile, aghaidh a thabhairt ar an méid seo a leanas: na moltaí tírshonracha maidir le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn arna n-eisiúint ag an gComhairle ó 2020 go 2024. Áirítear sa phlean freisin bearta chun iarfheistiú foirgneamh neamhchónaithe príobháideach agus poiblí (a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta) a chur chun cinn agus chun iniúchtaí fuinnimh ó FBManna a ghlacadh, a bhfuil coinne leis, in éineacht le bearta eile, go rannchuideoidh siad le moltaí tírshonracha 2019-2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Tá infheistíochtaí móra sa phlean freisin i ngléasraí próiseála dramhaíola go fuinneamh agus orgánacha chomh maith le hathchóirithe a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a bhaineann le dramhaíl tógála agus scartála, a mheastar a rannchuideoidh, i measc nithe eile, le moladh tírshonrach 2020 maidir le bainistiú dramhaíola. Is é is aidhm do na bearta a áirítear sa phlean maidir le saoráidí uisce inólta a bharrfheabhsú, i measc nithe eile, rannchuidiú le moladh tírshonrach 2019 maidir le bainistiú agus éifeachtúlacht acmhainní. Is é is aidhm do bhearta sa phlean chun modhanna agus bonneagar iompair inbhuanaithe a fheabhsú ar fud modhanna éagsúla iompair, agus bearta eile lena n-áirítear iad siúd sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, aghaidh a thabhairt

[12] Féach an Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach Mhálta, 26.11.2024, C(2024)9061 final.

ar na moltaí tírshonracha maidir le brú tráchta agus astaíochtaí ó iompar de bhóthar a laghdú arna n-eisiúint ag an gComhairle ó 2019 go 2024. Áirítear sa phlean freisin bearta lena bhfeabhsaítear athléimneacht, acmhainneacht agus slándáil bhonneagar digiteach an Rialtais (a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta), lena bhfeabhsaítear rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha (go páirteach trí bhearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta), agus bearta eile amhail feabhas a chur ar thairseach ar líne Chlár Gnó Mhálta, a bhfuil coinne leis, i measc nithe eile, go rannchuideoidh siad le moladh tírshonrach 2020 maidir le dlús a chur leis an aistriú digiteach.

(33) Maidir le comhthosaíocht na hathléimneachta sóisialta agus eacnamaíche, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, áirítear sa phlean bearta chun sásraí dreasachta a thabhairt isteach chun síneadh a chur leis an saol oibre thar aois scoir agus chun ioncam scoir a éagsúlú. Is é is aidhm do na bearta sin, i measc nithe eile sa phlean, aghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 2019 maidir le hinbhuanaitheacht chóras na bpinsean. Áirítear sa phlean freisin bearta chun soláthairtí criticiúla leighis a dhaingniú, cúram príomhúil a neartú, agus lucht saothair inbhuanaithe a áirithiú, tríd an athchóiriú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta freisin chun feabhas a chur ar fholláine oibrithe eachtracha, arb é is aidhm dóibh, i measc nithe eile, aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2019 agus 2020 maidir le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht an chórais cúraim sláinte a neartú. Is é is aidhm do bhearta sa phlean maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil, gníomhaíochtaí uas-scilithe agus athscilithe a neartú agus cáilíocht agus rochtain ar oideachas a fheabhsú, agus bearta eile lena n-áirítear iad siúd sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, aghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le hoideachas agus oiliúint chuimsitheach a d'eisigh an Chomhairle in 2019, ar an moladh tírshonrach maidir le scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú mar fhreagairt ar an aistriú glas in 2023, chomh maith leis an moladh tírshonrach maidir le cáilíocht agus ábharthacht margaidh an oideachais agus na hoiliúna chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí ísle oideachais in 2024. Ina theannta sin, áirítear sa phlean bearta chun tacú le caipiteal fiontair agus chun an creat náisiúnta taighde agus nuálaíochta a athchóiriú, arb é is aidhm dóibh, i measc nithe eile, aghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 2020 maidir le hinfheistíocht phríobháideach a chur chun cinn agus ar mholtaí tírshonracha 2019 agus 2020 maidir le taighde agus nuálaíocht. Beidh sé d'aidhm ag bearta chun an tseirbhís ionchúisimh a threisiú (a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta), leanúint d'iarrachtaí chun éilliú a bhrath agus a ionchúiseamh (a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta), i measc nithe eile, aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir le neamhspleáchas agus éifeachtúlacht an chórais ceartais a d'eisigh an Chomhairle in 2019 agus 2020 agus ar an moladh tírshonrach maidir leis an gcreat rialachais a d'eisigh an Chomhairle in 2019 a fheabhsú. Thairis sin, áirítear sa phlean bearta maidir le frithsciúradh airgid agus cánachas, amhail na hiarrachtaí chun leanúint de Straitéis 2023-2026 an Aonaid um Anailís Faisnéise Airgeadais (FIAU) a chur chun feidhme, agus reachtaíocht nua a thabhairt isteach maidir le híocaíochtaí isteach agus amach (a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta), arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an gcreat frithsciúrtha airgid arna eisiúint ag an gComhairle in 2019 agus 2020 a neartú agus ar na moltaí tírshonracha maidir le srian a chur le cleachtais pleanála ionsaithí cánach arna n-eisiúint ag an gComhairle ó 2019 go 2024.

(34) Maidir le tosaíocht choiteann na slándála fuinnimh, áirítear sa phlean bearta lena ndéantar próisis cheadaithe do ghléasraí fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú agus

lena dtacaítear le hinfheistíocht i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh chomh maith leis an eangach leictreachais agus an acmhainneacht stórála a neartú (a áirítear freisin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta).

(35) Maidir le comhthosaíocht na gcumas cosanta, áirítear sa phlean infheistíochtaí chun bonneagar míleata a nuachóiriú, an chibearshlándáil a fheabhsú agus ailíniú leis an Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach.

(36) Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir leis an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, an chomhlántacht le cistí an bheartais chomhtháthaithe agus le plean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta i réimsí éagsúla lena n-áirítear digitiú agus nuachóiriú an riaracháin phoiblí, soghluaisteacht uirbeach ilmhódach inbhuanaithe a chur chun cinn, athléimneacht a chothú in earnáil na sláinte trí lucht saothair láidir agus inbhuanaithe a áirithiú agus athléimneacht mhargadh an tsaothair a threisiú, comhionannas inscne a chur chun cinn agus scileanna a neartú.

(37) Tugtar forléargas sa Phlean ar riachtanais infheistíochta poiblí Mhálta maidir le tosaíochtaí coiteanna an Aontais agus is é is aidhm dó rannchuidiú lena gcomhlíonadh. Le haghaidh aistriú glas cóir, sainaithníonn Málta riachtanais infheistíochta a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, oiriúnú don athrú aeráide, an geilleagar ciorclach, cosc ar thruailliú agus cosaint na bithéagsúlachta. Ar mhaithe le haistriú digiteach cothrom, sainaithnítear sa phlean riachtanais infheistíochta a bhaineann le scileanna digiteacha, claochlú digiteach gnólachtaí agus bonneagar digiteach slán inbhuanaithe. Maidir le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, déantar riachtanais infheistíochta a shainaithint i mbeartais ghníomhacha saothair agus i seirbhísí sóisialta, in oideachas luath-óige, i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus i ngairmoideachas agus gairmoiliúint (VET), i mbonneagar sláinte agus sa turasóireacht inbhuanaithe. Maidir le slándáil fuinnimh, sainaithnítear riachtanais infheistíochta i mbonneagar fuinnimh in-athnuaite, go háirithe fuinneamh gréine agus gaoithe, éifeachtúlacht fuinnimh agus eangacha cliste agus réitigh stórála fuinnimh a fhorbairt. Maidir le cumais chosanta a mhéadú, sainaithníonn Málta riachtanais infheistíochta ina chumais chosanta chun slándáil náisiúnta agus Eorpach a áirithiú.

Conclúid mheasúnú an Choimisiúin

(38) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go gcomhlíonann plean Mhálta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

CONCLÚID FHORIOMLÁN

(39) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1263, ba cheart don Chomhairle an chonair ghlanchaiteachais mar a leagtar amach sa phlean í a mholadh do Mhálta.

AG MOLADH LEIS SEO do Mhálta

1. A áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.

Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar Mhálta a áirithiú go dtabharfar i gcrích athchóirithe agus infheistíochtaí a chomhfhreagraíonn do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha, agus go dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais.

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis an ghlanchaiteachais

(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)

Málta

Blianta		2025	2026	2027	2028
Rátaí fáis (%)	Bliantúil	6,0	5,8	5,8	6,1
	Carnach	13,8	20,4	27,4	35,1

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha trí tagairt don bhonnbhliain 2023.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán